AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.1.2025
COM(2025) 20 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (EC) 864/2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha (Rialachán An Róimh II)

{SWD(2025) 9 final}

Gluais

Téarma	*An bhrí nó an míniú*
Coinbhinsiún HccH 1971	Convention of the Hague Conference on Private International Law of 4 May 1971 on the Law Applicable to Traffic Accidents.
Staidéar 2021	Study by British Institute of International and Comparative Law and Civic Consulting on the Rome II Regulation (EC) 864/2007 on the law applicable to non-contractual obligations. Déantar measúnú sa Staidéar ar an taithí phraiticiúil agus ar na fadhbanna a bhaineann le léirmhíniú i gcur i bhfeidhm An Róimh II don tréimhse 2010-2020. Féach an achoimre i Roinn 2 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo ('SWD').
Ceistneoir 2023	Ceistneoir a scaipeadh ar Bhallstáit an Aontais in 2023 chun faisnéis atá cothrom le dáta a bhailiú maidir le cur i bhfeidhm An Róimh II. Féach Roinn 3 den Doiciméad Inmheánach Oibre.
Treoir Frith-SLAPP	Treoir (AE) 2024/1069 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le daoine a bhíonn ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar éilimh atá go follasach gan bhunús nó ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha ('Cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí'), IO L, 2024/1069, 16.4.2024.
Rialachán An Bhruiséil Ia	Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú), IO L 351, 20.12.2012, lgh. 1-32.
CBAE	Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
AE	an tAontas Eorpach.
RGCS	Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88.
MS	Ballstát nó Ballstáit de chuid an Aontais.
Rialachán An Róimh I	Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha (An Róimh I) IO L 177, 4.7.2008, lgh. 6–16.
An Róimh II	Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha (An Róimh II) IO L 199, 31.7.2007, lgh. 40–49.
SLAPP	Cás dlí straitéiseach i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí.
Staidéar ar chur i bhfeidhm an dlí eachtraigh	2011 study by Swiss Institute of Comparative Law on the Application of Foreign Law in Civil Matters in the EU Member States and Its Perspectives For the Future. Féach an achoimre i Roinn 2 den Doiciméad Inmheánach Oibre.
Staidéar ar phríobháideachas	2009 study by MainStrat, Comparative Study on the Situation in the 27 EU Countries as regards the Law Applicable to Non-Contractual Obligations Arising out of Violations of Privacy and Rights Relating to Personality. Féach an achoimre i Roinn 2 den Doiciméad Inmheánach Oibre.

Staidéar ar thionóiscí gortaitheacha	2009 study by Demolin, Brulard, Barthelemy – Hoche - Compensation of Victims of Cross-border Road Traffic Accidents in the EU: Comparison of National Practices, Analysis of Problems and Evaluation of Options for Improving the Position of Cross-border Victims. Féach an achoimre i Roinn 2 den Doiciméad Inmheánach Oibre.

1. RÉAMHRÁ

An 11 Iúil 2007, ghlac an tAontas Eorpach Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha ('An Róimh II'), lena gcomhchuibhítear rialacha easaontachta dlíthe na mBallstát maidir le hoibleagáidí neamhchonarthacha. Tháinig sé i bhfeidhm an 11 Eanáir 2009.

Bunaítear leis An Róimh II creat dlíthiúil chun a chinneadh cén dlí substainteach náisiúnta is infheidhme laistigh den Aontas i ndíospóidí trasteorann lena mbaineann oibleagáidí neamhchonarthacha, go háirithe i gcásanna torta nó míghnímh. Trí rialacha aonfhoirmeacha a chur ar fáil maidir le heasaontachtaí dlíthe san Aontas, leis An Róimh II cuirtear feabhas ar dheimhneacht dhlíthiúil, ar intuarthacht agus ar chothroime in ábhair shibhialta agus thráchtála a bhaineann le níos mó ná tír amháin. Gan rialacha substainteacha na mBallstát maidir le hoibleagáidí neamhchonarthacha a athrú, áirithítear leis go mbeidh an dlí substainteach céanna infheidhme gan beann ar an áit san Aontas ina dtionscnaítear caingean. Mar gheall ar na gnéithe sin, is píosa bunúsach de reachtaíocht an Aontais maidir le heasaontacht dlíthe é An Róimh II, lena dtugtar aghaidh ar phríomh-shaincheisteanna a thagann chun cinn i gcomhthéacs Eorpach atá ag éirí níos idirnasctha agus lena n-áirithítear go láimhseáiltear díospóidí neamhchonarthacha le hardleibhéal comhleanúnachais agus comhsheasmhachta ar fud an Aontais.

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo an chéad mheasúnú ginearálta ar chur i bhfeidhm an Rialacháin ó 2009 i leith, agus leas á bhaint, i measc nithe eile, as roinnt staidéar, as athbhreithniú ar chásdlí CBAE agus na gcúirteanna náisiúnta, as comhairliúcháin eile, agus as tuarascálacha acadúla agus tuarascálacha eile. Chuir an tréimhse mheasúnaithe fhadaithe ar chumas an Choimisiúin taithí leordhóthanach a bhailiú maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin. Féachtar sa tuarascáil freisin ar roinnt saincheisteanna nua agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn amhail an intleacht shaorga, timpeallacht ar líne atá ag dul i méid agus SLAPPanna.

De réir chlásal athbhreithnithe an Rialacháin, rinneadh trí staidéar shonracha[1] ar thionóiscí gortaitheacha ar bhóithre (2009), ar phríobháideachas agus ar chearta a bhaineann le pearsantacht (2009) agus ar chur i bhfeidhm an dlí eachtraigh (2011).

Chomh maith leis na staidéir sin, rinne an Coimisiún measúnú ar an taithí phraiticiúil leis An Róimh II trí cheisteanna a bhí dírithe ar na Ballstáit agus ar a gcúirteanna agus ar a n-údaráis. Léiríodh sa chéad bhailiúchán faisnéise den sórt sin in 2012 gur oibrigh An Róimh II go maith tríd is tríd ach go raibh an taithí phraiticiúil ar a cur i bhfeidhm agus ar an gcásdlí ábhartha fós teoranta ag an am. Ba in 2023 a ndearnadh an dara bailiúchán faisnéise ('Ceistneoir 2023')[2], lena n-áirítear ceisteanna sonracha maidir leis na réimsí a cumhdaíodh cheana sna staidéir roimhe seo. Thairis sin, tháinig an Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála le chéile faoi dhó chun oibriú An Róimh II in 2012 agus 2023 a phlé.

[1] Féach Roinn 2 den Doiciméad Inmheánach Oibre le haghaidh sonraí ar na staidéir.
[2] Féach Roinn 3 den Doiciméad Inmheánach Oibre le haghaidh sonraí faoin gceistneoir.

Ar deireadh, mar chuid den fhaireachán fadtéarmach ar chur i bhfeidhm an Rialacháin agus i bhfianaise ullmhú na tuarascála seo, choimisiúnaigh an Coimisiún staidéar seachtrach in 2021 chun cur i bhfeidhm An Róimh II ó 2010 go 2020 a mhapáil ('Staidéar 2021').

Tógann an tuarascáil seo ar na foinsí sin chun aird a tharraingt ar na príomhthorthaí faoi chur i bhfeidhm An Róimh II. Tá faisnéis bhreise, lena n-áirítear mínithe níos mionsonraithe a théann níos faide ná an tuarascáil seo, cásdlí agus foinsí a úsáidtear san áireamh sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.

2. Forbhreathnú Ginearálta ar Chur i bhFeidhm Rialachán An Róimh II

2.1 Raon feidhme

Bunaítear le Rialachán An Róimh II na rialacha maidir leis an dlí is infheidhme maidir le h**oibleagáidí neamhchonarthacha a tháinig chun cinn nó ar dócha go dtíocfaidh siad chun cinn in ábhair shibhialta agus thráchtála trasteorann**. Áirítear orthu sin réimsí tábhachtacha amhail dliteanas i gcásanna tionóiscí tráchta, sáruithe maoine intleachtúla, iomaíocht éagórach agus gníomhartha lena gcuirtear srian le saoriomaíocht, damáiste don chomhshaol nó dliteanas táirgí.

Níor chruthaigh na forálacha lena sainítear raon feidhme ábhartha Rialachán An Róimh II fadhbanna móra sa chleachtas[3]. Mar sin féin, d'ainneoin chásdlí CBAE lena soiléirítear an téarma 'oibleagáidí neamhchonarthacha'[4], tá réimsí ann fós ina bhfuil éiginnteachtaí fós ann, in éagmais cásdlí, maidir le héilimh áirithe a bheith conarthach nó neamhchonarthach, amhail éifeachtaí cosantacha conarthaí áirithe do thríú páirtithe, agus oibleagáidí a eascraíonn as duais fhógraíochta a thairiscint nó a fhógairt. Ina theannta sin, tá an léirmhíniú ar eisiaimh shonracha ón raon feidhme (go háirithe iad siúd in Airteagal 1(2) (c) agus (d)[5]) fós faoi réir díospóireachta. Mar sin féin, comhaontaítear go ginearálta gur féidir na dúshláin sin maidir le raon feidhme An Róimh II a chinneadh a réiteach trí chásdlí a bheidh ann amach anseo.

Ar an taobh eile, tá an t-eisiamh ó raon feidhme 'oibleagáidí neamhchonarthacha a eascraíonn as sáruithe príobháideachta agus ceart a bhaineann le pearsantacht, lena n-áirítear clúmhilleadh' fós ina shaincheist chonspóideach i measc saineolaithe, inar moladh gníomhaíocht reachtach[6].

2.2 Rialacha ar an dlí is infheidhme maidir le tortanna/mígh níomhartha

Faoi An Róimh II, is é an riail réamhshocraithe gurb é an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáid neamhchonarthach a eascraíonn as tort nó mígh níomh **dlí na tíre inar tharla an damáiste** (Airteagal 4(1) ar a dtugtar freisin *lex loci damni*), le rialacha sonracha in Airteagal 4(2) (dlí na tíre ina bhfuil gnáthchónaí coiteann ar íospartach agus ar thortóir) agus (3) (nasc níos dlúithe), agus sásra solúbthachta á sholáthar ag an tír sin chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach bhféadfadh an toradh dlíthiúil is iomchuí a bheith mar thoradh ar an riail ghinearálta. Áirithítear leis an gcreat sin deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht maidir leis an dlí is infheidhme i bhformhór na gcásanna. Níor bhain aon fhadhb le cur i bhfeidhm na rialach ginearálta den

[3] Féach Roinn 1 den Doiciméad Inmheánach Oibre maidir le héiginnteachtaí iarmharacha faoi shaintréithriú éileamh sonrach áirithe.
[4] Féach Roinn 4 den Doiciméad Inmheánach Oibre le haghaidh cásdlí.
[5] Féach Roinn 4 den Doiciméad Inmheánach Oibre, cás *Wunner*, ar feitheamh.
[6] Féach Caibidil 3.1 chun mionsonraí a fháil.

chuid is mó, cé go bhfuil roinnt ceisteanna fós ann maidir le cur i bhfeidhm na rialach maidir le híospartaigh indíreacha, tortanna ilpháirtí, agus logánú damáiste i gcásanna caillteanais airgeadais/eacnamaíocha amháin, go háirithe i gcás tortanna margaidh airgeadais[7].

Déantar foráil leis An Róimh II freisin maidir le roinnt rialacha sonracha atá saincheaptha do chásanna ina bhféadfadh sé nach mbeadh an riail ghinearálta leordhóthanach ná iomchuí. Áirítear orthu sin forálacha maidir le dliteanas i leith táirgí (Airteagal 5), iomaíocht éagórach agus gníomhartha lena gcuirtear srian le saoriomaíocht (Airteagal 6), damáiste don chomhshaol (Airteagal 7), sáruithe ar chearta maoine intleachtúla (Airteagal 8), agus gníomhaíocht thionsclaíoch (Airteagal 9). Cé go bhféachtar leis na rialacha saincheaptha sin le réitigh a sholáthar ar theorainneacha na rialach ginearálta, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann freisin dá ndéanfaí a raon feidhme a shainiú. Mar shampla, tá saincheisteanna léirmhínithe fós ann maidir le léirmhíniú an téarma 'táirge' i ndáil le dliteanas táirgí[8] agus maidir leis na cearta maoine intleachtúla a chumhdaítear le hAirteagal 8[9].

Ar bhonn níos ginearálta, tuairiscíodh fadhbanna i gcás inar cuireadh roinnt dlíthe éagsúla i bhfeidhm ar dhíospóid amháin mar thoradh ar na nascfhachtóirí, go háirithe maidir le cóipcheart, rud a d'fhág go raibh sé an-chasta do chúirteanna dlíthe eachtracha a chur i bhfeidhm a raibh leibhéal leordhóthanach eolais acu, rud a mhéadaigh costais idirbheart, amhail aistriúchán agus saineolas, agus a d'fhág go raibh éiginnteachtaí ann ar deireadh maidir le toradh na n-imeachtaí[10]. Tagann an feiniméan seo chun cinn go háirithe maidir le tortanna a dhéantar ar líne, rud a d'fhéadfadh a cheangal go gcuirfí 'mósáic' casta de na dlíthe is infheidhme i bhfeidhm go comhuaineach ar dhíospóid aonair, i gcás (i) inar féidir leis an damáiste tarlú go comhuaineach i roinnt tíortha nó i gcás (ii) ina bhféadfadh gníomhaíocht aonair cearta maoine intleachtúla, go háirithe cóipcheart, a shárú i níos mó ná tír amháin. D'fhéadfadh fadhbanna comhchosúla teacht chun cinn, mar shampla, i gcásanna comhshásaimh nó olltimpistí. Tá roinnt moltaí ann maidir le conas dul i ngleic leis an bhfadhb a bhaineann le dlíthe éagsúla a chur i bhfeidhm go comhuaineach, go háirithe i réimse na sáruithe ar chóipcheart. Mar a shonraítear i Roinn 1 den Doiciméad Inmheánach Oibre, áirítear ar chuid de na moltaí sin leasuithe reachtacha ar An Róimh II[11].

2.3 Rialacha eile maidir leis An Róimh II

Áirítear leis An Róimh II freisin rialacha maidir leis an dlí is infheidhme i gcásanna 'saibhriú éagórach, *negotiorum gestio* agus *culpa in contrahendo'* (Caibidil III). Déantar foráil i gCaibidil IV ansin maidir leis an bhféidearthacht go gcomhaontóidh páirtithe oibleagáidí neamhchonarthacha a chur faoi réir a rogha dlí. Go ginearálta, ní bhíonn fadhbanna ag baint le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin, agus is beag saincheist a thuairiscítear[12].

---

[7] Maidir le tortanna margaidh airgeadais, féach Caibidil 3.3. Féach Roinn 1 den Doiciméad Inmheánach Oibre le haghaidh sonraí eile.

[8] Féach Roinn 1 mír 1.2.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre. Is í an cheist an dtagraíonn an téarma 'táirge' sa chéad fhomhír do (i) tháirge freisin, nach é an ítim chéanna é leis an táirge lochtach atá i gceist ach a bhaineann leis an tsaincheist chéanna nó leis an tsraith chéanna de chuid an mhonaróra agus nach léirítear leis dá bhrí sin ach miondifríochtaí (e.g. maidir le marcáil nó pacáistiú); nó (ii) aon táirge den chineál céanna.

[9] D'ainneoin an liosta neamh-uileghabhálach de chearta maoine intleachtúla in aithris (26).

[10] Staidéar maidir le Forfheidhmiú Trasteorann Ceart Maoine Intleachtúla san AontasEorpach. [Staidéar maidir le Forfheidhmiú Trasteorann Ceart Maoine Intleachtúla san Aontas Eorpach] 2021, lch. 57, 58

[11] E.g. an nasc is dlúithe leis an sárú a chur i bhfeidhm mar an nascfhachtóir ábhartha nó rogha an dlí is infheidhme a cheadú, contrártha le hAirteagal 8(3) reatha de An Róimh II.

[12] Féach Roinn 1 den Doiciméad Inmheánach Oibre le haghaidh sonraí.

2.4 Rialacha comhchoiteanna, forálacha eile agus forálacha críochnaitheacha

Feidhmíonn Caibidlí An Róimh II maidir le rialacha comhchoiteanna, forálacha eile agus forálacha críochnaitheacha go ginearálta gan saincheisteanna móra. Mar sin féin, mar thoradh ar an ngaol le coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus ionstraimí eile atá ann cheana, go háirithe Coinbhinsiún HCCH 1971 um an Dlí is Infheidhme maidir le Tionóiscí Tráchta, tá roinnt deacrachtaí praiticiúla ann a bhaineann le dhá chóras easaontachta dlíthe a bheith ann maidir le héilimh a eascraíonn as tionóiscí gortaitheacha trasteorann, mar a mhínítear i Roinn 1 den Doiciméad Inmheánach Oibre.

3. Cur i bhfeidhm An Róimh II i Limistéir Roghnaithe

3.1 Príobháideachas, cearta a bhaineann le pearsantacht, lena n-áirítear clúmhilleadh agus SLAPP

Rinneadh oibleagáidí neamhchonarthacha a eascraíonn as sáruithe príobháideachais agus ceart a bhaineann le pearsantacht, lena n-áirítear clúmhilleadh, a eisiamh ó raon feidhme An Róimh II toisc nár thángthas ar aon chomhaontú sa chaibidlíocht reachtach maidir le nascfhachtóir iomchuí don réimse seo tortanna. Chun tortanna a bhaineann le príobháideachas a dhéanamh, is gá cothromaíocht a bhaint amach idir cearta bunúsacha atá ag teacht salach ar a chéile maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil ar thaobh amháin agus maidir le príobháideachas agus clú ar an taobh eile. Tá difríochtaí ann maidir leis an gcaoi a mbaineann na Ballstáit aonair an chothromaíocht sin amach ina gcórais dhlíthiúla agus bhunreachtúla. Bhí na difríochtaí sin i gcur chuige reachtach[13] agus an ról ríthábhachtach atá ag an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i sochaithe daonlathacha ar chuid de na tosca ba chúis le héilimh phríobháideachais a eisiamh ó raon feidhme An Róimh II in éagmais comhdhearcadh maidir le nascfhachtóir oiriúnach.

Mar thoradh air sin, tá an dlí is infheidhme i gcásanna den sórt sin fós á chinneadh le rialacha easaontachta náisiúnta gach Ballstáit le héagsúlachtaí suntasacha idir na rialacha sin. Mar gheall ar an éagsúlacht dhlíthiúil sin a bheith ann, is deacair a thuar cén dlí a bheidh infheidhme i gcásanna sáruithe príobháideachais trasteorann agus, dá bhrí sin, cén toradh a bheidh ar an díospóid.

Is cosúil go bhfuil an cáineadh maidir leis an ngrúpa tábhachtach éileamh seo a eisiamh ó raon feidhme Róimh II roinnte go ginearálta. Mar shampla, fuarthas amach go ginearálta go raibh an staid reatha míshásúil i measc gairmithe agus páirtithe leasmhara a ndearnadh suirbhé orthu i gcomhthéacs an Staidéir ar phríobháideachas agus Staidéar 2021. Thairis sin, ina bhfreagraí in 2023, bhí formhór na mBallstát den tuairim gur cheart rialacha easaontachta dlí sa réimse sin a chomhchuibhiú ar bhealach níos fearr. Is cosúil nach raibh aon seasamh dolúbtha ann, gan cumhdach na dtortanna sin amach anseo a áireamh faoi An Róimh II; chuir roinnt Ballstát amhras in iúl, áfach, maidir le cé acu is féidir nó nach féidir teacht ar nascfhachtóir aonfhoirmeach inghlactha chun cothromaíocht leordhóthanach a bhaint amach idir na cearta agus na leasanna atá ag teacht salach ar a chéile.

[13] Go háirithe, bhí cur chuige reachtach na Ríochta Aontaithe i bhfabhar an éilitheora i gcásanna clúmhillte an-éagsúil ag an am ó chur chuige reachtach fhormhór na mBallstát eile. Féach an Staidéar ar phríobháideachas.

Rinneadh roinnt tograí maidir le nascfhachtóir oiriúnach ó glacadh Rialachán An Róimh II. Ina theannta sin, rinneadh obair eile freisin ar ábhar an phríobháideachais agus na gceart pearsantachta. Áirítear leis sin:

- **Staidéar 2008 maidir le príobháideachas agus obair leantach ó Pharlaimint na hEorpa**: Sa Staidéar maidir le príobháideachas, a shonraítear i Roinn 2 den Doiciméad Inmheánach Oibre, rinneadh rialacha na mBallstát maidir le príobháideachas a mhapáil agus sainaithníodh réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann ar na deacrachtaí a thagann chun cinn in éagmais rialach i Rialachán An Róimh II. Léiríodh ann freisin tacaíocht ollmhór i bhfabhar chomhchuibhiú an dlí is infheidhme maidir le clúmhilleadh.

  Tar éis fhoilsiú Staidéar 2008, ghlac Parlaimint na hEorpa rún in 2012 inar mhol sí go gcomhlánófaí Rialachán An Róimh II le riail easaontachta dlíthe maidir le príobháideachas agus cearta a bhaineann le pearsantacht a bheadh bunaithe ar *lex loci damni*[14] cáilithe.

- **RGCS:** Le Rialachán (AE) 2016/679 ('RGCS'), is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta daoine nádúrtha san Aontas ó bhí 2018 ann, comhchuibhítear gnéithe áirithe d'fhorfheidhmiú príobháideach an dlí um chosaint sonraí in Airteagail 79 agus 82[15]. Tá rialacha substainteacha sna forálacha sin maidir leis an gceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcoinne rialaitheoirí agus próiseálaithe agus an ceart chun cúiteamh a éileamh i gcoinne rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí as damáistí a d'fhulaing daoine aonair mar thoradh ar sháruithe ar RGCS.

  Má chuirtear riail maidir leis an dlí is infheidhme maidir le príobháideachas agus cearta pearsantachta san áireamh in An Róimh II, ní mór an t-idirghníomhú le RGCS a mheas go críochnúil. Maidir le gnéithe den cheart chun cúitimh a rialaíodh go haonfhoirmeach in RGCS, cé go mbeadh ainmniú dlí Ballstáit amháin seachas dlí Ballstáit eile mar an dlí is infheidhme de bhun Róimh II gan iarmhairt phraiticiúil, ní bheadh sé sin amhlaidh i gcás gnéithe den cheart sin nár tugadh aghaidh orthu in RGCS[16].

- **Rialachán An Bhruiséil Ia agus cásdlí gaolmhar**: Cumhdaítear rialacha dlínse idirnáisiúnta maidir le sáruithe ar phríobháideachas agus ar chearta pearsantachta agus éilimh chlúmhillte le Rialachán An Bhruiséil Ia. I sraith réamhrialuithe thar thréimhse fhada ama, bhí an deis ag CBAE na rialacha sin a shoiléiriú, go háirithe coincheap na háite ina dtarlaíonn an damáiste i gcás clúmhilleadh i bhfoilseacháin pháipéir agus ar

[14] Go sonrach, ba cheart dlí na tíre inar tharla an ghné nó na gnéithe is suntasaí den chaillteanas nó den damáiste a chur i bhfeidhm de bhun an réitigh. Más rud é, áfach, nach bhféadfadh an cosantóir iarmhairtí substaintiúla a ghnímh a thuar go réasúnta, ar iarmhairtí iad a tharlódh sa tír sin, chuirfí dlí na tíre ina bhfuil gnáthchónaí ar an gcosantóir i bhfeidhm.

[15] Tá GDPR teoranta do phróiseáil sonraí pearsanta agus ní chumhdaítear leis sáruithe eile ar an gceart chun príobháideachais.

[16] Mar shampla, in éagmais rialacha maidir le cainníochtú damáistí in RGCS, is faoi chóras dlí gach Ballstáit atá sé rialacha den sórt sin a fhorordú, faoi réir chomhlíonadh phrionsabail an chomhionannais agus na héifeachtachta. Ar ndóigh, d'fhéadfadh iarmhairtí praiticiúla a bheith ag an dlí is infheidhme de chuid Ballstáit de bhun An Róimh II maidir le héilimh a bhaineann le sonraí neamhphearsanta agus, dá bhrí sin, nach rialaítear le RGCS, e.g. éilimh atá bunaithe ar phróiseáil sonraí daoine éagtha nó daoine dlítheanacha.

an idirlíon araon[17]. Dá réir sin, is féidir, faoi Rialachán An Bhruiséil Ia, imeachtaí a thionscnamh i leith damáistí mar gheall ar chlúmhilleadh i roinnt dlínsí faoi rogha an éilitheora[18].

Sa chleachtas, i bhfianaise rogha na ndlínsí atá ar fáil agus easpa riail aonfhoirmeach dlí is infheidhme san Aontas, is minic a roghnaíonn éilitheoirí imeachtaí a thionscnamh san fhóram ag a bhfuil an dlí is fabhraí is infheidhme. I gcásanna áirithe[19], d'fhéadfadh nasc sách imeallach a bheith ag an bhfóram sin leis an díospóid atá idir lámha. D'fhéadfadh sé sin foras torthúil a chruthú le haghaidh straitéisí ciaptha bhreithiúnaigh, amhail i gcomhthéacs SLAPPanna.

- Is imeachtaí cúirte iad **SLAPPanna** ('Cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí') — clúmhilleadh nó éilimh phríobháideachais de ghnáth — nach dtugtar chun ceart a dhearbhú ná a fheidhmiú i ndáiríre, ach a bhfuil sé mar phríomhchuspóir acu rannpháirtíocht an phobail a chosc, a shrianadh nó pionós a ghearradh ina leith. Áirítear ar na léirithe ar chuspóir den sórt sin, mar shampla, cineál iomarcach an mhaímh, imeachtaí iomadúla a thionscnamh nó oirbhearta nós imeachta a úsáid de mheon mímhacánta. I gcás ina bhfuil gné thrasteorann ag baint le SLAPPanna, féadfaidh éilitheoirí imeachtaí a thionscnamh i ndlínse a mheasann siad a bheith fabhrach nó i gcás ina bhfuil costais an-ard ar an gcosantóir, nó fiú i ndlínsí iomadúla.

  Mar gheall ar fhás an fheiniméin sin san Aontas agus ar an riosca a bhaineann leis don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus do na meáin shaora trí bhac a chur ar dhíospóireacht phoiblí, ghlac an tAontas an Treoir Frith-SLAPP in 2024 chun coimircí nós imeachta leordhóthanacha a áirithiú i gcoinne dlíthíocht mhí-úsáideach den sórt sin. Le linn na caibidlíochta, mhol Parlaimint na hEorpa riail speisialta maidir le heasaontacht dlíthe a chur san áireamh ach, sa deireadh, chomhaontaigh na comhreachtóirí gur cheart measúnú a dhéanamh in aon athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar An Róimh II ar na gnéithe SLAPP-shonracha de na rialacha maidir leis an dlí is infheidhme.

  Leis an bhfeiniméan SLAPP a bhí ann le déanaí, cuirtear i dtábhacht go sonrach gur féidir teacht i dtír ar bhealach mí-úsáideach ar na fadhbanna a bhaineann le hiolrú na ndlínsí atá ar fáil agus le heaspa riail na heasaontachta dlíthe i gcásanna clúmhillte agus príobháideachais chun bac a chur ar rannpháirtíocht an phobail. Mar sin féin, tá na fadhbanna seo coitianta i ngach cás clúmhillte agus príobháideachais. Dá bhrí sin, dá gcuirfí riail easaontachta dlí leis An Róimh II, d'fhéadfadh feidhm a bheith aici go ginearálta maidir le cásanna ina sáraítear príobháideachas agus cearta a bhaineann le pearsantacht, gan beann ar iad a bheith mí-úsáideach. Chomhaontaigh na Ballstáit a

[17] Féach lch. 113, 114 i Staidéar 2023 maidir le cur i bhfeidhm Rialachán An Bhruiséil Ia chun mionsonraí a fháil faoin gcásdlí.

[18] Chomh maith le fóram ginearálta shainchónaí an chosantóra, áirítear san 'áit inar tharla an damáiste' an áit a bhfuil 'lárionad leasanna' an íospartaigh mar fhóram inar féidir an damáiste iomlán a éileamh, cé nach féidir é a éileamh ach amháin i gcomhthéacs clúmhillte ar líne, chomh maith le gach Ballstát ina bhfuil rochtain ar an ábhar clúmhillteach, ach amháin i ndáil leis an damáiste a rinneadh sa Bhallstát sin.

[19] E.g. cás *Gtflix TV*. Féach Roinn 4 den Doiciméad Inmheánach Oibre.

ndeachthas i gcomhairle leo maidir leis an ngné sin ar an gcaoi chéanna gur cheart gur riail ghinearálta a bheadh in aon riail a d'fhéadfadh a bheith in An Róimh II[20].

Mar fhocal scoir, is cosúil go bhfuil lear criticiúil argóintí ann chun breithniú a dhéanamh ar leasú ar An Róimh II lena n-áirítear *oibleagáidí neamhchonarthacha a eascraíonn as sáruithe príobháideachais agus ceart a bhaineann le pearsantacht, lena n-áirítear clúmhilleadh*, laistigh den raon feidhme. I gcomhthéacs an bhreithnithe sin, ní mór measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an idirghníomhú le Rialachán An Bhruiséil Ia agus ar roghanna oiriúnacha le haghaidh riail iomchuí easaontachta dlí.

3.2 Intleacht Shaorga ('IS')

Beidh tionchar ag éabhlóid na gcóras dlí substainteach mar fhreagairt ar dhíospóidí a bhaineann leis an intleacht shaorga ar chur i bhfeidhm An Róimh II amach anseo maidir le cásanna a bhaineann le hoibleagáidí neamhchonarthacha a bhaineann le húsáid na hintleachta saorga. De réir mar a thiocfaidh níos mó cásanna a bhaineann leis an intleacht shaorga os comhair na gcúirteanna agus de réir mar a rachaidh an teicneolaíocht chun cinn, beidh ar chórais dlí creataí a oiriúnú agus a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an intleacht shaorga. D'fhéadfaí a áireamh leis sin dliteanas a chinneadh, caighdeáin chúraim a bhunú, agus freagrachtaí dlíthiúla a shainiú i gcomhthéacsanna a bhaineann leis an intleacht shaorga. Le forbairt leanúnach na teicneolaíochta agus an tírdhreacha dhlíthiúil i dtéarmaí rialacha substainteacha lena rialaítear úsáid IS, múnlófar ceisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm An Róimh II maidir le cásanna IS amach anseo[21].

Mar sin féin, mar gheall ar an gcineál cur chuige atá fós ag teacht chun cinn maidir le cuir chuige a shainaithint, chun dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhaineann le húsáid IS atá ag dul i méid, is deacair a mheas an bhféadfadh gá a bheith le rialacha sonracha in An Róimh II, agus a mhéid a d'fhéadfadh gá a bheith leo. D'aontaigh formhór na mBallstát ina n-ionchur nach raibh mórán taithí phraiticiúil ann ar fhadhbanna dlí a roghnú i gcásanna a bhaineann le húsáid IS agus nár sonraíodh iad i gcás ina ndearnadh tagairt d'fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann. Cuireadh in iúl go mbeadh sé róluath réitigh ar fhadhbanna a lorg gan fanacht le feiceáil cad a d'fhéadfadh a bheith iontu, agus cuireadh an cheist in iúl ar cheart fiú rialacha speisialta maidir le dliteanas IS a mheas ós rud é go bhfuil An Róimh II neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de d'aon ghnó.

Le Staidéar 2021 leanadh an cur chuige sin, a bhí faichilleach go ginearálta, agus inar léiríodh an easpa samplaí praiticiúla sa réimse sin agus nár shainigh córais dlí a gcur chuige go fóill

[20] Féach Roinn 3 den Doiciméad Inmheánach Oibre maidir le Ceistneoir 2023. Chuir roinnt Ballstát in iúl nach raibh siad ar an eolas faoi dheacrachtaí suntasacha d'íospartaigh SLAPPanna i gcomhthéacs trasteorann nó dúirt siad go bhféadfadh sé nach maolófaí iad le cur chuige aonfhoirmeach de chuid an Aontais i leith rialacha easaontachta dlí. Os a choinne sin, d'áitigh Ballstát amháin go sainráite go ndéanfaí feidhmiú an chirt chun cosanta a shimpliú le dlí aonfhoirmeach is infheidhme.

[21] Féach Togra COM le haghaidh Treoir maidir le rialacha dliteanais shibhialta neamhchonarthaigh a oiriúnú don intleacht shaorga (an Treoir maidir le Dliteanas IS), COM/2022/496 final. Níl rialacha easaontachta dlí sa Togra agus cé go laghdaíonn an comhchuibhiú na difríochtaí sa toradh a d'fhéadfadh eascairt as dlí náisiúnta Ballstáit amháin nó Ballstáit eile a chur i bhfeidhm, ní thugann sé aghaidh ach ar ghnéithe an-sonracha a bhaineann le nochtadh fianaise agus leis an dualgas cruthúnais agus fiú laistigh dá raon feidhme srianta is comhchuibhiú íosta é ionas go bhfanfaidh difríochtaí ann.

maidir le dliteanas substainteach a fhorchur, go háirithe an cheist ar cheart táirgeoir nó úsáideoir an chórais intleachta saorga a bheith faoi dhliteanas go príomha.

I bhfianaise an mhéid sin, is féidir teacht ar an gconclúid, faoi réir tuilleadh anailíse, go bhféadfadh sé nach mbeadh sé in am fós aon leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Rialachán An Róimh II a bheartú chun rialacha a bhaineann go sonrach leis an intleacht shaorga a thabhairt isteach.

3.3 Tortanna an mhargaidh airgeadais agus dliteanas réamheolaire

Pléadh go minic cur i bhfeidhm Rialachán An Róimh II maidir le tortanna margaidh airgeadais agus dliteanas réamheolaire, go háirithe sa saol acadúil. Go háirithe, pléadh go conspóideach conas Airteagal 4 a chur i bhfeidhm maidir le cásanna oibleagáidí neamhchonarthacha a eascraíonn as tort ar an margadh airgeadais. Áitíonn roinnt údar nach bhfuil an riail ghinearálta in Airteagal 4 de Rialachán An Róimh II ceadaithe chun **cásanna tortanna margaidh airgeadais a rialú, lena n-áirítear cásanna dliteanais réamheolaire,** toisc nach bhfuil sa damáiste a rinneadh ach damáiste eacnamaíoch amháin agus go bhfuil a logánú tar éis an *lex loci damni* casta dá bhrí sin. Thairis sin, ag brath ar léirmhíniú Airteagal 4(1), i gcásanna ina bhfuil infheisteoirí dá ndéantar difear nó a gcuntais lonnaithe i dtíortha éagsúla, d'fhéadfadh eisitheoirí urrús (nó daoine eile atá faoi dhliteanas) a bheith faoi réir éileamh faoi chórais dlí éagsúla le haghaidh gníomh aonair amhail uiríll mhíchearta a dhéanamh i réamheolaire.

Níl an cheist maidir le conas caillteanas airgeadais amháin a logánú faoi An Róimh II teoranta do chásanna tortanna margaidh airgeadais[22] ach ardaíodh í den chuid is mó sa chomhthéacs sin. Cuireadh roinnt réamhthagairtí maidir le logánú caillteanais airgeadais faoi bhráid CBAE i gcomhthéacs dlínse a chinneadh faoi Rialachán An Bhruiséil Ia ach níor tháinig aon dlí-eolaíocht shoiléir chun cinn maidir leis an gceist sin go fóill[23]. D'fhéadfadh aistriú na rialuithe sin chuig comhthéacs An Róimh II a bheith ina chúis le torthaí neamh-inmhianaithe, lena n-áirítear ilroinnt an dlí is infheidhme maidir le tort margaidh airgeadais aonair[24]. D'fhágfadh ilroinnt an dlí is infheidhme go mbeadh gníomhaíochtaí comhchoiteanna infheisteoirí níos deacra agus d'fhéadfadh difríochtaí nach mbeadh údar leo sna caighdeáin chosanta idir infheisteoirí a bheith mar thoradh air sin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair an dlí a thuar roimh ré, ós rud é gur gnách go dtarlaíonn idirbhearta le hionstraimí airgeadais i margaí tánaisteacha nó nach eol d'eisitheoir (nó d'idirghabhálaí) an áit a bhfuil gnáthchónaí ar an infheisteoir nó áit bhunaithe an bhainc sealbhaíochta cuntais den chuid is mó.

Moladh roghanna éagsúla maidir le réiteach iomchuí. Mar shampla, mhol roinnt scoláirí go ndéanfaí Airteagal 4 a (ath)léirmhíniú trí chásdlí ar bhonn téacs gan athrú chun aghaidh a thabhairt ar an éiginnteacht a bhaineann leis an áit ina ndearnadh an damáiste. Go háirithe,

---

[22] Féach e.g. an cás *Wunner* atá ar feitheamh ina n-iarrtar ar CBAE an 'áit inar tharla an damáiste' a chinneadh i gcás dliteanas tortach i leith caillteanais chearrbhachais.

[23] Chinn CBAE, e.g. in *Kolassa*, gur tharla an damáiste a d'eascair as mífhaisnéis i réamheolaire ag sainchónaí an infheisteora, fad is a bhí an áit sin i gcomhthráth le háit bhunaithe an bhainc a bhainistíonn cuntas an infheisteora. Os a choinne sin, sa chinneadh is déanaí ó CBAE, *VEB v BP*, bhí CBAE den tuairim níos déine nach é an Ballstát ina ndearnadh an damáiste an Ballstát ina bhfuil a oifig chláraithe ag an mbanc nó ag an ngnólacht infheistíochta ina bhfuil an cuntas i gcás nach raibh an gnólacht sin faoi réir oibleagáidí tuairiscithe reachtúla sa Bhallstát sin.

[24] B'amhlaidh an cás go háirithe dá gcloífí le líne an chásdlí lena n-aimseofaí an damáiste airgeadais sa tír ina bhfuil an cuntas infheisteora á shealbhú.

áitítear go minic gur cheart go bhfreagródh an áit sin don mhargadh airgeadais ábhartha dá ndéantar difear. Áiríodh ar mholtaí eile e.g. go n-úsáidtear an clásal éalaithe in Airteagal 4(3), as a n-eascraíonn dlí aonair is infheidhme maidir leis an díospóid ina hiomláine, amhail dlí na tíre ina liostaítear na hurrúis nó ina ligtear isteach iad chun a dtrádála.

De rogha air sin, chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin ar bhealach iomlánaíoch, moladh An Róimh II a leasú chun riail speisialta easaontachta dlí a leagan síos maidir le hoibleagáidí neamhchonarthacha a eascraíonn as tortanna ar mhargadh airgeadais, lena n-áirítear dliteanas réamheolaire[25]. Leis an riail sin, d'fhéadfaí na hoibleagáidí sin **a chur faoi réir dhlí na tíre ina bhfuil an margadh ábhartha lonnaithe (i gcás inar ligeadh an ionstraim airgeadais lena mbaineann isteach chun a trádála)**. Mar sin féin, ceistítear an n-oibreodh riail den sórt sin i ngach cás, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais neamhliostaithe (díolacháin thar an gcuntar). Cé gur cosúil gur fearr le formhór na scoláirí riail easaontachta dlí a thabhairt isteach atá dírithe ar an margadh rialáilte ábhartha, tá tograí eile ann[26].

Thuairiscigh na Ballstáit, ar an gcaoi chéanna le Staidéar 2021[27],nach minic a tharla na cásanna a bhain le tortanna margaidh airgeadais trasteorann agus dliteanas i leith réamheolairí agus go raibh saincheisteanna gaolmhara maidir le cur i bhfeidhm An Róimh II teoranta dá bhrí sin. Ar an taobh eile, thuairiscigh trí Bhallstát deacrachtaí praiticiúla maidir leis An Róimh II a chur i bhfeidhm sa réimse tortanna sin agus mhol siad go ndéanfaí breithniú ar riail speisialta easaontachta dlí sa réimse sin. Moladh dlí na tíre a bhfuil na hurrúis liostaithe ar a margadh nó dlí na tíre ina bhfuil a n-oifig chláraithe ag an eisitheoir.

Cé go n-ardaíonn an saol acadúil an fhadhb go háirithe, léirítear le réamhrialuithe CBAE i gcomhthéacs dlínse a bhunú i gcás tortanna margaidh airgeadais agus dliteanas réamheolaire go bhfuil logánú caillteanais airgeadais ag éirí ina shaincheist ábhartha i measc na gcleachtóirí freisin. Dá bhrí sin, ba cheart scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar conas aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfuil damáistí go hiomlán eacnamaíoch, b'fhéidir trí riail speisialta easaontachta dlí a áireamh in An Róimh II ina ndéileáiltear le tortanna margaidh airgeadais agus dliteanas réamheolaire nó trína fhágáil faoi léirmhíniú na gcúirteanna.

3.4 Comhshásamh agus cásanna a bhaineann le roinnt páirtithe

Cásanna ilstáit a bhaineann le cásanna dliteanais i leith táirgí, gníomhartha iomaíochta éagóraí agus gníomhartha lena gcuirtear srian ar shaoriomaíocht, dliteanas réamheolaire, timpistí ilfheithicle, nó cásanna olldíobhála do thomhaltóirí, tá siad ar chuid de na samplaí ina bhféadfaí díobháil a dhéanamh do grúpa íospartach leis an ngníomh céanna. Sna cásanna sin, nuair a lorgaítear le comhghníomhaíocht cúiteamh do gach ball den ghrúpa a ndearnadh díobháil dó, déanfar damáiste a lonnú go neamhspleách agus go leithleach le haghaidh gach éileamh agus le haghaidh gach íospartach. Dá bhrí sin, i gcásanna comhshásaimh, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gcúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair roinnt dlíthe substainteacha a chur i bhfeidhm maidir le héilimh éilitheoirí éagsúla an ghrúpa. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcomhthéacs caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, a

[25] Féach e.g. Rún ó Chomhairle na Gearmáine maidir leis an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach ón 31. 03. 2012, *IPRax* 2012/5 lch. 471 lena moltar riail speisialta easaontachta a thabhairt isteach maidir le tortanna airgeadais bunaithe ar dhlí na tíre ina dtrádáiltear an ionstraim airgeadais lena mbaineann. Tá clásal éalaithe agus clásal ann freisin le haghaidh ionstraimí a thrádáiltear ar níos mó ná ionad trádála amháin, chomh maith le hathrú atá beartaithe ar na haithrisí. Féach freisin Staidéar 2021, lch. 34.
[26] Le haghaidh samplaí, féach Staidéar 2021 lch. 33, 239.
[27] lch. 396.

tugadh de bhun Threoir (AE) 2020/1828[28], a glacadh le déanaí, i gcás ina bhfuil sainchónaí ar na tomhaltóirí a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu i níos mó ná tír amháin. Is gnách go ndéanann cur i bhfeidhm roinnt dlíthe substainteacha measúnú an cháis níos casta, costais agus fad na dlíthíochta a mhéadú, agus d'fhéadfadh éifeacht fuaraithe a bheith aige ar straitéisí dlíthíochta maidir le gluaiseacht tomhaltóirí. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh an rogha mhalartach, *i.e.* na héilimh a chur faoi réir na ndlíthe éagsúla is infheidhme ag brath ar cé acu a shaothraítear na héilimh ina n-aonar nó go comhpháirteach i gcomhthéacs comhshásaimh, difear a dhéanamh d'intuarthacht na rialacha dlí is infheidhme agus, dá bhrí sin, do dheimhneacht dhlíthiúil.

Maidir leis an gceist an bhfuil An Róimh II oiriúnaithe go maith chun déileáil le comhshásamh, a bhféadfadh líon mór dlíthe a d'fhéadfadh a bheith infheidhme a bheith i gceist leis, bhí éagsúlacht i dtuairimí na mBallstát i gCeistneoir 2023. Cé nár thug an tromlach barúil nó gur mheas siad go raibh an staid reatha sásúil[29], rinne cuid acu tagairt d'fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann nó bhí siad den tuairim gurbh é an réiteach a bhí ann an ghníomhaíocht a roinnt ina mbaisceanna de réir an dlí ábhartha is infheidhme.

Cé nach féidir a chinneadh ag an gcéim seo an bhféadfadh réiteach a bheith ann seachas an stádas reatha lena n-éascófaí comhshásamh agus lena n-áiritheofaí deimhneacht dhlíthiúil maidir leis an dlí is infheidhme gan beann ar an nós imeachta a roghnaítear chun cúiteamh a éileamh, ba cheart tuilleadh airde a thabhairt ar an measúnú sin i gcomhthéacs athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar An Róimh II.

4. CONCLÚID

Agus breithniú á dhéanamh ar an taithí phraiticiúil le cúig bliana déag ó tháinig An Róimh II i bhfeidhm, ar bhonn na dtuairimí a bailíodh ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara chomh maith leis an measúnú ar an taithí sin i staidéir éagsúla, is féidir teacht ar an gconclúid go n-oibríonn an Rialachán go maith i gcoitinne agus go bhfuil sé oiriúnach dá fheidhm. Cuireadh tuilleadh feabhais ar dheimhneacht dhlíthiúil maidir le léirmhíniú an Rialacháin trí theacht chun cinn rialuithe CBAE[30] agus cásdlí náisiúnta.

Mar sin féin, léirítear sna torthaí sa tuarascáil seo roinnt saincheisteanna ar fiú tuilleadh mionanailíse a dhéanamh orthu d'fhonn a mheas an inmhianaithe coigeartuithe reachtacha spriocdhírithe a dhéanamh ar Róimh II agus cé na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtúil. Áirítear an méid seo a leanas go háirithe ar na saincheisteanna sin:

- athmheasúnú ar an eisiamh ó raon feidhme An Róimh II maidir le príobháideachas agus cearta pearsantachta, lena n-áirítear clúmhilleadh;
- cur i bhfeidhm An Róimh II i gcásanna ina dtarlaíonn an damáiste go comhuaineach in go leor dlínsí, as a dtagann cur i bhfeidhm féideartha dlíthe náisiúnta iomadúla maidir leis an oibleagáid neamhchonarthach (e.g. cásanna comhshásaimh agus

[28] Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, IO L 409, 4.12.2020, lgh. 1–27.

[29] Chuir Ballstát amháin in iúl go gcuirfí réiteach ar fáil de ghnáth dá rachfaí i muinín Airteagal 4(3).

[30] Féach Roinn 4 den Doiciméad Inmheánach Oibre maidir le cásdlí.

tortanna a dhéantar ar líne, lena n-áirítear sáruithe ar chearta maoine intleachtúla ar líne, go háirithe cóipcheart);
- tortanna is cúis le caillteanais eacnamaíocha amháin, lena n-áirítear tortanna margaidh airgeadais agus dliteanas réamheolaire.

Ar an mbonn sin, d'fhonn a mheas an bhfuil gá le hathrú reachtach, déanfaidh an Coimisiún tuilleadh anailíse chun togra a mheas agus a ullmhú, b'fhéidir, chun an Rialachán a leasú nó a athmhúnlú i gcomhréir leis na rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr. Sa chomhthéacs sin, is féidir tuilleadh anailíse a dhéanamh freisin chun measúnú a dhéanamh ar fhiúntas modhnuithe eile a d'fhéadfaí a shamhlú nó, i réimsí ina bhfuil na rialacha atá ann cheana go hiomlán iomchuí, soiléirithe téacsúla a d'fhéadfadh a bheith ann chun a gcur i bhfeidhm a éascú.